Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11840/26**
**ADD 1**

**ENT 195**
**MI 773**
**CHIMIE 100**
**IND 483**
**COMPET 948**
**SAN 587**
**ENV 938**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D(2026) 105447 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a mhéid a bhaineann le luaidhe in urchair ghunna |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2026) 105447 annex.

---

Faoi iamh: D(2026) 105447 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
D105447/07
[…](2026) XXX draft

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a mhéid a bhaineann le luaidhe in urchair ghunna**

**IARSCRÍBHINN**

'IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 mar a leanas:

(1) In iontráil 63, colún 2, cuirtear mír 14a seo a leanas isteach:

"14a. Beidh feidhm ag míreanna 11 go 14 go dtí [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta **7 mbliana** tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]";

(2) In iontráil 63, colún 2, cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

<table>
<tr><td></td><td>
"28. Tá toirmeasc ar na húsáidí seo a leanas a bhaint as urchair ghunna ina mbeidh tiúchan luaidhe (arna shloinneadh mar mhiotal) 1 % de réir meáchain nó níos mó ná sin:<br>
(a) urchair ghunna a iompar nó a scaoileadh le linn fiaigh nó ag dul ag fiach, ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 7 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];<br>
(b) urchair ghunna a scaoileadh le linn lámhach spóirt lasmuigh, ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 7 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].<br><br>
Chun a chinneadh an bhfuil urchair ghunna ar iompar ag duine a thiocfar air agus urchair ghunna ar iompar aige le linn dó a bheith ag dul ag fiach, tabharfar aird ar imthosca uile an cháis, lena n-áirítear nach gá gurb é an duine a thiocfar air agus urchair ghunna ar iompar aige an duine atá ag fiach.<br><br>
29. Ní chuirfear urchair ghunna ina mbeidh tiúchan luaidhe (arna shloinneadh mar mhiotal) 1 % de réir meáchain nó níos mó ná sin ar an margadh, ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 7 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].<br><br>
30. De mhaolú air sin, ní bheidh feidhm ag mír 28, pointe (b), maidir le méideanna urchar gunna idir 1,9 mm agus 2,6 mm a scaoiltear ag raon lámhaigh spóirt faoin aer, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:<br>
(a) tá na bearta bainistithe riosca a leagtar síos i bhFoscríbhinn [X] i bhfeidhm ag an raon lámhaigh spóirt faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 7 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];<br>
(b) gur baill ghníomhacha de chónaidhm lámhaigh spóirt iad na daoine a scaoileann urchair ghunna den sórt sin;<br>
(c) coimeádann an raon lámhaigh spóirt faoin aer taifid ar an méid seo a leanas:<br>
(i) meáchan measta na n-urchar gunna sin a scaoileann baill ghníomhacha de chónaidhm lámhaigh spóirt sa raon sin;<br>
(ii) na daoine a scaoileann urchair ghunna sa raon sin;<br>
(iii) meáchan na n-urchar gunna sin a aisghabhadh;<br>
(d) cuireann an raon lámhaigh spóirt faoin aer na taifid dá dtagraítear i
</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | bpointe (c) ar fáil do na húdaráis inniúla arna iarraidh sin dóibh.<br><br>31. De mhaolú air sin, ní bheidh feidhm ag mír 29 maidir le méideanna urchar gunna idir 1,9 mm agus 2,6 mm a chuirtear ar an margadh lena n-úsáid ag baill ghníomhacha de chónaidhm lámhaigh spóirt ag raon lámhaigh spóirt faoin aer a chomhlíonann na coinníollacha i mír 30.<br><br>32. Ón *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta **6 mhí** tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*, déanfaidh miondíoltóirí urchar gunna ina bhfuil tiúchan luaidhe atá cothrom le 1 % nó níos mó ná sin de réir meáchain, an fhaisnéis seo a leanas a chur ar taispeáint go soiléir agus go feiceálach ag an díolphointe agus i ndlúthghaireacht do na hurchair ghunna nó, i gcás ciandíolachán, sa tairiscint ciandíolacháin:<br><br>*'**FOLÁIREAMH**: tá luaidhe sa táirge seo atá an-tocsaineach don chomhshaol agus a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh do thorthúlacht nó don leanbh sa bhroinn. Tá srian ar urchair ghunna luaidhe a úsáid agus a dhíol le haghaidh fiaigh agus lámhach spóirt san Aontas ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta **7 mbliana** tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*<br><br>*Tá tuilleadh faisnéise, lena n-áirítear faisnéis maidir le hinfhaighteacht roghanna malartacha atá saor ó luaidhe, le fáil ag [www.echa.europa.eu]'*<br><br>Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit ina bhfuil an díolphointe bunaithe nó, i gcás ciandíolachán, i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit ina dtairgtear an ciandíolachán, mura bhforálann an Ballstát lena mbaineann a mhalairt maidir leis na teangacha sin.<br><br>33. Gan dochar do reachtaíocht eile de chuid an Aontais a bhaineann le haicmiú, pacáistiú agus lipéadú substaintí agus meascán, áiritheoidh soláthróirí urchar gunna ina bhfuil tiúchan luaidhe (arna shloinneadh mar mhiotal) atá cothrom le 1 % de réir meáchain nó níos mó ná sin, ón *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta **18 mí** tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*, go mbeidh pacáistíocht na n-urchar gunna lipéadaithe go soiléir, go sofheicthe agus go doscriosta leis an ráiteas seo a leanas, sula gcuirfear na hurchair ghunna ar an margadh:<br><br>*'**FOLÁIREAMH**: tá luaidhe sa táirge seo atá an-tocsaineach don chomhshaol agus a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh do thorthúlacht nó don leanbh sa bhroinn.'*<br><br>Is i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit ina gcuirfear na hurchair ghunna ar an margadh a bheidh an ráiteas mura bhforálfaidh an Ballstát lena mbaineann a mhalairt maidir leis na teangacha sin. Mura féidir an ráiteas a chur ar an bpacáistíocht mar gheall ar mhéid na pacáistíochta, cuirfear an ráiteas ar fáil ar lipéad aisfhillteach, nó ar bhileog, nó ar chlib cheangail.<br><br>34. De mhaolú air sin, ní bheidh feidhm ag míreanna 28, 29, 32 agus 33 maidir le hurchair ghunna a úsáid agus a chur ar an margadh le haghaidh gunnaí béal-lódáilte agus airm thine stairiúla, lena n-áirítear a macasamhlacha nua-aimseartha. |

| | |
|---|---|
| | 35. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na maoluithe i míreanna 30 agus 31, bunaithe ar thuarascáil a chuirfidh an Ghníomhaireacht ar fáil, tar éis *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta **10 mbliana** tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].<br><br>36. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil go poiblí faoin *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta **8 mbliana** tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*] liosta de raonta lámhaigh spóirt lasmuigh ar a gcríoch a bhfuil na bearta bainistithe riosca a leagtar síos i bhFoscríbhinn [*X*] i bhfeidhm acu i gcomhréir le mír 30, pointe (a).<br><br>37. Beidh feidhm ag míreanna 28 go 36 gan dochar d'úsáidí urchar gunna chun na gcríoch seo a leanas:<br><br>(a) lámhach faoi dhíon;<br>(b) na póilíní, forfheidhmiú an dlí, agus feidhmeanna slándála eile;<br>(c) feidhmeanna míleata agus cosanta;<br>(d) bonneagar criticiúil, loingseoireacht tráchtála nó conbhuanna ardluacha a chosaint;<br>(e) foirgnimh phoiblí agus spás poiblí a chosaint;<br>(f) féinchosaint;<br>(g) tástáil theicniúil agus promhadh gunnaí agus armlóin;<br>(h) tástáil agus forbairt ábhar agus táirgí le haghaidh cosaint bhalaistíoch;<br>(i) anailís fhóiréinseach;<br>(j) taighde nó imscrúdú stairiúil agus teicniúil;<br>(k) priméir agus ascairt.<br><br>Chun críocha phointe (f), ní mheastar go bhfuil féinchosaint i gceist le hiompar le linn fiaigh, nó ag dul ag fiach.<br><br>38. Féadfaidh na Ballstáit forálacha náisiúnta maidir le cosaint an chomhshaoil nó shláinte an duine a choinneáil ar bun, ar forálacha iad atá níos déine ná na forálacha sin a leagtar síos i míreanna 28, 30 agus 34 ar choinníoll go gcomhlíonann na forálacha sin an dá choinníoll seo a leanas:<br><br>(a) bhí siad i bhfeidhm an [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];<br>(b) cuireann siad srian ar urchair ghunna a bhfuil luaidhe iontu a úsáid, ach ní chuireann siad srian ar iad a chur ar an margadh.<br><br>Na Ballstáit a choinníonn na forálacha náisiúnta sin ar bun, cuirfidh siad téacsanna na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún gan mhoill. Cuirfidh an Coimisiún na téacsanna sin ar fáil go poiblí gan mhoill.<br><br>39. Chun críocha mhíreanna 28 go 38:<br><br>(a) ciallaíonn 'urchair ghunna' millíní a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid i lucht aonair nó i gcartús amháin i ngránghunna;<br>(b) ciallaíonn 'gránghunna' gunna mínchró, gan aerghunnaí a áireamh;<br>(c) ciallaíonn 'iompar' iompar ar cholainn duine nó aon chineál eile iompair cibé cén modh;<br>(d) ciallaíonn 'fiach' creach bheo a shaothrú agus a lámhach trí úsáid a bhaint as diúracán a díchuireadh as gunna;<br>(e) ciallaíonn 'lámhach spóirt' aon targaid neamhbheo a lámhach le gunna, |

| | |
|---|---|
| | lena n-áirítear lámhach cleachtaidh nó lámhach eile a dhéantar mar ullmhúchán le haghaidh fiaigh;<br>(f) ciallaíonn 'ball gníomhach' duine atá ina bhall bailí de chónaidhm lámhaigh spóirt;<br>(g) ciallaíonn 'lámhach faoi dhíon' lámhach a tharlaíonn laistigh d'fhoirgneamh, i limistéar atá iata ag díon agus ballaí ionas nach n-astaíonn aon urchar gunna isteach sa chomhshaol;<br>(h) ciallaíonn 'ag dul ag fiach' taisteal ó theaghais phríobháideach nó ó fhoirgneamh poiblí go dtí an áit ina ndéantar an fiach;<br>(i) ciallaíonn 'airm thine stairiúla' airm thine a monaraíodh roimh an 1 Eanáir 1900.<br>(j) ciallaíonn 'macasamhail nua-aimseartha' atáirgeadh airm tine stairiúil, a dhéantar as ábhair chomhaimseartha agus le teicnící monaraíochta, a leanann go dlúth dearadh agus feidhmiúlacht an airm tine bhunaidh stairiúil.' |

(3) Cuirtear isteach Foscríbhinn [X] [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach uimhir na Foscríbhinne*] seo a leanas:

'***Foscríbhinn [X]***
**Iontráil 63 – Coinníollacha maidir leis an maolú i mír 30 a chur i bhfeidhm**

Leagtar síos san Fhoscríbhinn seo na bearta bainistithe riosca a bheidh i bhfeidhm le haghaidh raonta lámhaigh spóirt faoin aer de bhun mhír 30, pointe (a).

**Bearta bainistithe riosca maidir le hurchair ghunna a úsáid i raonta lámhaigh spóirt faoin aer**

Beidh na bearta bainistithe riosca seo a leanas bainteach le raonta lámhaigh spóirt faoin aer ina scaoilfear urchair ghunna:

(a) dhá bheart éagsúla imshrianta luaidhe ar a laghad, arna roghnú ón liosta seo a leanas:

– balla amháin nó níos mó;

– beirm nó banc amháin nó níos mó atá déanta as ithir, gairbhéal, gaineamh nó ábhar iomchuí eile;

– eangach nó cuirtín urchair amháin nó níos mó;

– clúdach dromchla ar limistéar imbhuailte urchar gunna;

(b) aisghabháil luaidhe caite ó lámhach gach 3 bliana ar a laghad agus ar scor de ghníomhaíocht an raoin lámhaigh spóirt amuigh faoin aer;

(c) faireachán a dhéanamh ar na limistéir imbhuailte urchar gunna nach bhfuil clúdach dromchla orthu agus, i gcás inar gá, iad a chóireáil, chun a áirithiú go bhfuil pH idir 6,5 agus 8,5 acu, chun ascnamh luaidhe isteach san ithir agus san uisce a íoslaghdú. Fíorófar go bhfuil na luachanna pH sin á gcomhlíonadh uair amháin gach 6 mhí ar a laghad;

(d) uisce draenála (lena n-áirítear uisce dromchla a ritheann chun srutha) ó limistéir imbhuailte urchar gunna a imshrianadh, faireachán a dhéanamh air agus, i gcás inar gá, é a chóireáil chun a áirithiú go gcomhlíonfar an caighdeán cáilíochta comhshaoil maidir le luaidhe a shonraítear faoi Threoir 2000/60/CE*;

(e) toirmeasc ar aon úsáid talmhaíochta laistigh de theorainneacha an láithreáin;

(f) taifid ar chomhlíonadh na gcoinníollacha sa mhír seo.

*Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat i gcomhair gníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce. IO L 327, 22.12.2000, lch. 1. ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/60/2014-11-20.'

'